Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**12034/25**

**ACP 79**
**WTO 69**
**COASI 92**
**RELEX 1060**
**UD 179**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 436 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 436 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 436 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2025
COM(2025) 436 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile ('an Chomhaontú'), (a) chun cur ar chumas na Stát san Aigéan Ciúin tairbhe a bhaint as rochtain níos fearr ar mhargaí an Aontais Eorpaigh ('An tAontas'); (b) forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe Stát san Aigéan Ciúin agus comhtháthú na stát sin sa gheilleagar domhanda de réir a chéile a chur chun cinn; (c) limistéir shaorthrádála a bhunú idir an tAontas Eorpach agus na Stáit san Aigéan Ciúin atá bunaithe ar chomhleas, trí léirscaoileadh forchéimnitheach trádála ar bhealach atá i gcomhréir le rialacha EDT is infheidhme agus le prionsabal na neamhshiméadrachta, lena gcuirtear san áireamh riachtanais speisialta agus srianta acmhainneachta na Stát san Aigéan Ciúin maidir le leibhéil agus uainiú gealltanas; (d) na socruithe iomchuí um réiteach díospóide a bhunú; agus (e) na socruithe institiúideacha iomchuí a bhunú.

An 13 Iúil 2009 shínigh an tAontas an Comhaontú[1], atá á chur i bhfeidhm go sealadach ag Nua-Ghuine Phapua agus Poblacht Fhidsí ó bhí an 20 Nollaig 2009 agus an 28 Iúil 2014 ann, faoi seach. Tar éis a n-aontachais, tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach ag Stát Neamhspleách Shamó agus ag Oileáin Sholomón ó bhí an 31 Nollaig 2018 agus an 17 Bealtaine 2020 ann, faoi seach.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach agus na Stáit an Aigéan Ciúin leasú a dhéanamh ar fhorálacha áirithe de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin. Bhí sé d'aidhm ag an leasú na forálacha maidir le rialacha tionscnaimh a thabhairt cothrom le dáta i ndáil leis na forbairtí is déanaí agus rialacha tionscnaimh simplithe agus níos solúbtha a chur ar fáil do na hoibreoirí eacnamaíocha.

An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle[2] maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar fhorálacha áirithe de Phrótacal II maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, lena n-áirítear scriosadh Airteagal 4 bis agus Iarscríbhinn VIII A, a bhaineann le carnadh Stát san Aigéan Ciúin le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha.

Le linn phróiseas an ghlactha, chuir Fidsí agus Samó údair imní in iúl maidir le scriosadh forálacha a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha, agus d'iarr siad go gcoinneofaí na forálacha sin i bPrótacal II.

Ag an 10ú cruinniú den Choiste um Thrádáil, chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach agus na Stáit san Aigéan Ciúin na forálacha a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha a choinneáil ar bun. D'fhormhuinigh na Páirtithe freisin an leagan críochnaitheach den dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil agus de Phrótacal II leasaithe, ar cheart iad a ghlacadh ag an 11ú cruinniú den Choiste um Thrádáil in 2026.

---

1 IO L 272, 16.10.2009, lch. 2

2 IO L 424, 15.12.2020, lch. 22. Féach doiciméid ST 10898/20 agus ST 10899/20 ar http://register.consilium.europa.eu

Leis an moladh seo, féachtar le Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 a leasú trí Airteagal 4 bis agus Iarscríbhinn VIII A a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha a choinneáil ar bun agus trí ghlacadh an chinnidh ón gCoiste um Thrádáil a cheadú ag an 11ú cruinniú den Choiste um Thrádáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an leasú comhsheasmhach le forálacha gaolmhara a áirítear i gComhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche eile a tugadh i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an leasú comhsheasmhach leis an mBeartas Trádála le Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[3].

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis é an gníomh a iarrtar ar an gCoiste um Thrádáil a ghlacadh agus beidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le Airteagail 8, 68 agus 78 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair. Leis an moladh seo, leanfaidh an tAontas de chuspóir an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche leis na Stáit san Aigéan Ciúin a chomhlíonadh.

---

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an moladh seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Ní bhaineann le hábhar

Moladh le haghaidh

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020[4], údaraíodh an Coimisiún Eorpach cinneadh a ghlacadh laistigh den Choiste um Thrádáil lena leasaítear Prótacal II;

(2) Chuir Fidsí agus Samó údair imní in iúl ag an nóiméad deireanach agus d'iarr siad go gcoinneofaí i bPrótacal II na forálacha a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha;

(3) Ba cheart Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 agus an iarscríbhinn a ghabhann leis a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótacal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin, déantar é a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Déantar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

---

4 IO L 424, 15.12.2020, lch. 22.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*